# Guí an Phobail don Charghas, 2015

## An Chéad Domhnach den Charghas:

1 Guímid ar son phobal Sebeya, lena rachaimid in urnaí agus i ndlúthpháirtíocht i séasúr an Charghais i mbliana. Go dtuga ár ndeasghnáth agus ár dtabhartais do bhosca Thrócaire le linn an Charghais le maolú a dhéanamh ar an mbochtaineacht agus ar na héagóracha roimh an bpobal sin agus roimh phobail den chineál céanna ar fud an domhain.

*A Thiarna, éist linn*

2 Guímid, a Athair Neamhaí, ar son an domhain go dtitfidh báisteach ar an bhfásach aimrid ar gá do phobal an Charghais feirmeoireacht a dhéanamh air agus go n-éireoidh a chuid ithreacha toirchithe an athuair. Go mbainfear fómhar saibhir agus go maolófar an t-ocras.

*A Thiarna, éist linn*

## An Dara Domhnach den Charghas:

1 A Athair Neamhaí, cabhraigh linn éirí níos feasaí ar riachtanais ár ndeartháireacha agus ár ndeirfiúracha sa domhan i mbéal forbartha. Go dtaga tiontú orainn ina gcáinfimid brabús, saint agus tomhaltachas agus ina mbeidh grá, dlúthpháirtíocht agus cúram againn dóibh siúd i ngátar in ionad na míreanna sóchais sin.

*Guímis chun an Tiarna*

2 Guímid ar son na nglún amach anseo go bhfoghlaimeoidh siad as ár mífhreagracht chomhshaoil agus go ndéanfaidh siad maoirseacht ar an domhan, agus iad ag maireachtáil go simplí agus go dlúth lena bhfuil ar domhan.

*Guímis chun an Tiarna*

## An Tríú Domhnach den Charghas:

1 (Arna léamh ag leanbh) I gcomhair Malahet, an cailín ar bhosca Thrócaire i mbliana: guímid go mbainfidh sí leas as saol ina bhféadfaidh sé dul ar scoil, ina mbeidh go leor le hithe aici agus ina mbeidh sí ina cónaí lena teaghlach go sábháilte.

*A Thiarna, Éist linn*

2 (Arna léamh ag leanbh) A Thiarna, teagasc dúinn mar leanaí agus dár dtuismitheoirí conas cúram a thabhairt don domhan. Tá dúshlán doiligh romhainn sa todhchaí agus muid ag dul i ngleic leis an athrú aeráide ar son na nglún le teacht.

*A Thiarna, Éist linn*

3 (Arna léamh ag tuismitheoir) Gabhaimid buíochas as an neart agus an íobairt a léiríonn gach tuismitheoir agus na buarthaí agus na hábhair imní atá orthu. Guímid go háirithe ar son thuismitheoirí Malahet a chailleann béilí go rialta chun go leor bia a chur ar fáil dá leanaí lena ithe.

*A Thiarna, Éist linn*

# An Ceathrú Domhnach den Charghas:

1 Ar son ár ndeartháireacha agus ár ndeirfiúracha timpeall an domhain ar imir, agus a n-imreoidh, tionchar an athraithe aeráide i bhfeidhm orthu go díreach. Guímid go háirithe ar son feirmeoirí nach féidir leo barra a fhás de dheasca easpa báistí, ar son tuismitheoirí a streachlaíonn a dteaghlach a chothú, ar son leanaí nach féidir leo dul ar scoil mar go gcaithfidh siad uisce a bhailiú ina áit ...

*A Thiarna, éist linn*

2 Guímid ar son uiscí an domhain le go n-athneartófar chun sláinte iad agus go líonfar iad le beatha fhial.

*A Thiarna, éist linn*

# An Cúigiú Domhnach den Charghas:

1 Guímid ar son ithir an domhain go gcosnófar a saibhreas chun fómhair fhlúirseacha a chinntiú do chách.

*A Thiarna, i do Thrócaire*

2 Guímid ar son gach neacha bheo atá ar domhan linn go gcaomhnófar a áille agus a éagsúla atá siad.

*A Thiarna, i do Thrócaire*

3 Guímid ar son na ndaoine go léir a fhulaingíonn aon mhí-úsáid: bíodh sí ina mí-úsáid meabhrach, ina mí-úsáid fhisiceach, ina mí-úsáid ghnéasach nó ina mí-úsáid teaghlaigh. Gníomhaímis dóibh mar a ghníomhódh Críost dóibh. Tugaimis sólás dóibh, tugaimis tacaíocht dóibh in am an ghátair agus tugaimis cabhair dóibh chun ualach a gcroise a iompar.

*A Thiarna, i do Thrócaire*

# Domhnach na Pailme:

1 Guímid ar son na ndaoine óga inár sochaí a mbíonn deacrachtaí acu na roghanna cearta a dhéanamh. Guímid go háirithe go dtacófar lenár n-óige sa bhaile agus ar son na ndaoine óga sin atá ar lorg oibre agus deiseanna thar lear. Go n-éirí an bóthar leo, go raibh cóir na gaoithe i gcónaí leo, go soilsí an ghrian go bog bláth ar a gclár éadain, go dtite an bháisteach go bog mín ar a ngoirt go gcasfar ar a chéile arís sinn, go gcoinní Dia i mbos a láimhe iad.

*A Thiarna, i do Thrócaire*

2 Guímid ar son críonnachta do chinnteoirí in Éirinn agus ar fud an domhain, go ndéanfaidh na tíortha saibhre athruithe as an dochar atá déanta acu don chomhshaol agus go bhfaighidh siad réitigh chruthaitheacha chóra chun gach neach beo a chosaint agus ceartas aeráide do chách a chinntiú.

*A Thiarna, i do Thrócaire*

Trócaire, Maynooth, Co. Kildare, Ireland
**T:** +353 (0)1 629 3333 **F:** +353 (0)1 629 0661
**E:** info@Trócaire.ie **F:** www.trocaire.org
Trócaire is the overseas development agency of the Catholic Church in Ireland and a member of CIDSE and Caritas Internationalis. Irish charity number: CHY 5883.

Trócaire